Comhairle Contae Dhún na nGall
Donegal County Council

# FORBAIRT POBAIL

LCDC
Coiste um Fhorbairt Pobail Áitiúil Dhún na nGall
Donegal Local Community Development Committee





COMHAIRLE CONTAE DHÚN NA NGALLFORBAIRT POBAIL

# Nuachtlitir Phobail

## CLÁR PEACEPLUS 2022 - 2027

### €16.7 MILLIÚN DE MHAOINIÚ PEACEPLUS FAIGHTE AG COMHAIRLE CONTAE DHÚN NA NGALL AGUS AG COMHAIRLE CHATHAIR DHOIRE AGUS CHEANTAR AN TSRATHA BHÁIN LE HAGHAIDH PÁIRC PHOBAIL TRASTEORANN RIVERINE




Luíonn an pháirc sin leis an teorainn idir Leifear agus an Srath Bán. Forbraíodh an tionscadal trí chomhpháirtíocht idir Comhairle Contae Dhún na nGall agus Comhairle Chathair Dhoire agus Cheantar an tSratha Báin. Mar pháirt den pháirc cruthófar 30 acra de thailte páirce, foirgneamh úr pailliún pobail agus spás comhroinnte íocónach, forásach agus inbhuanaithe. Beidh an pháirc ceangailte le chéile le droichead coisithe trasnáisiúnta, rud a bhainfidh leas as comhoibriú idirchultúrtha, trasphobail agus trasteorann.

Tacaíonn Clár PEACEPLUS, arna bhainistiú ag Comhlacht na gClár Speisialta AE (CCSAE), leis an tionscadal Páirc Phobail Trasteorann Riverine.

FAIGH AMACH NÍOS MÓ ANSEO!

## SA NUACHTLITIR SEO GHEOBHAIDH TÚ:

Na tionscadail is déanaí, cláir mhaoinithe agus go leor eile. Coinnigh ort ag léamh!

Comhairle Contae Dhún na nGall
Donegal County Council

# FORBAIRT POBAIL

LCDC
Coiste um Fhorbairt Pobail Áitiúil Dhún na nGall
Donegal Local Community Development Committee



## Teachtaireacht ónár bPríomhfheidhmeannach agus ón Chathaoirleach



Agus na seachtainí deireanacha de bhliain eile á mbaint amach againn, tugann an t-eagrán seo dár Nuachtlitir deis dúinn sos agus machnamh a dhéanamh ar an mhéid atá bainte amach agus curtha i gcrích againn, leis na pobail agus ar son na bpobal a bhfreastalaíonn muid orthu, le sé mhí anuas – ó mhaoiniú a fháil do Pháirc Phobail Trasteorann Riverine go dtí aitheantas bródúil a thabhairt dár dtallainne spóirt ag Duais-Sparánachtaí Spóirt Dhún na nGall - sílim go n-aontóidh sibh, tá go leor le ceiliúradh againn. Ba mhaith liom Nollaig shona agus athbhliain gheal a ghuí oraibh.”- John G. McLaughlin, Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Dhún na nGall.



Agus an bhliain ag druidim chun deiridh, ba mhaith liom an deis seo a thapú le buíochas a ghabháil leis na daoine agus na heagraíochtaí a oibríonn ar bhonn laethúil, le cur le caighdeán beatha agus folláine na bpobal ar fud Dhún na nGall, ónár gComhairleoirí Óige úrthofa go dtí ár gComhairle um Dhaoine Breacaosta agus gach grúpa agus eagraíocht idir eatarthu. Tá mé ag súil le bheith ag obair libh arís an bhliain seo chugainn agus le fáilte a chur roimh aghaidheanna agus deiseanna úra. Guím Nollaig Shona Shábháilte agus Athbhliain faoi Mhaise oraibh uilig.”- An Comhairleoir Niamh Kennedy, Cathaoirleach Chomhairle Contae Dhún na nGall.


## Súgradh Gníomhach; Clár Seolta




I gcomhar le Comhpháirtíocht Spóirt Dhún na nGall agus maoinithe fríd an Chlár Éire Shláintiúil agus fríd Chlár Sláintecare ‘Pobail Shláintiúla’, sheol muid an Clár ‘Súgradh Gníomhach’ i nDún na nGall i mí na Samhna 2024. Tá sé mar aidhm ag an tionscnamh sin rannpháirtíocht i ngníomhaíocht choirp do leanaí a mhéadú trí chumas agus scileanna 'Ceannairí Súgartha‘ a fhorbairt laistigh de phobail. Gheobhaidh Ceannairí Súgartha oiliúint agus tacaíocht maidir leis an dóigh le leanaí ina gceantair féin a spreagadh le bheith níos gníomhaí go fisiciúil trí úsáid a bhaint as súgradh. Tá níos mó eolais fá dtaobh de ar fáil anseo!

# Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte

Tá an Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte ar cheann de shraith beart tacaíochta náisiúnta agus áitiúla atá deartha chun bailte agus sráidbhailte beaga tuaithe a athnuachan ar fud na hÉireann agus tá sí dírithe ar bhailte agus ar shráidbhailte a bhfuil daonra 10,000 nó níos lú iontu.



I gcomhar le Bailte Slachtmhara an Chlocháin Léith agus le tacaíocht ó ghnólachtaí áitiúla agus ó ghrúpaí leasa pobail, fríd an Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte, tá muid ag obair le haghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna agus ar ghníomhartha a sainaithníodh i Straitéis & Plean Gníomhaíochta Athghiniúna Lár Bhaile an Chlocháin Léith.

I measc na saincheisteanna a aithníodh a bhí ag dul i bhfeidhm ar lár an bhaile bhí an réimse poiblí mítharraingteach agus easpa spásanna poiblí, foirgnimh ina luí folamh agus foirgnimh atá ag titim as a chéile, agus an gá le leas a bhaint as imeall an uisce, áit atá thar a bheith tarraingteach. Mar pháirt den obair a rinneadh cuireadh na nithe seo a leanas ar fáil: spás poiblí athchóirithe le suíocháin, dáileoir uisce gan tadhall, ardán banna ceoil, plandóirí, fálú agus crainn leathaibí agus suíocháin aoisbhháúla. Mar thoradh air sin tá athghiniúint déanta ar an spás poiblí agus tá sé mar phointe cruinnithe uilechuimsitheach don phobal ar fad anois.

## Comhairle Óige Dhún na nGall




Chuir Comhairle Óige Dhún na nGall deireadh lena téarma 2022 go 2024 le hócáid cheiliúrtha i mí Lúnasa 2024, ag cur béim ar an obair iontach agus ar an mhéid atá bainte amach acu. Feidhmíonn Comhairle Óige Dhún na nGall mar fhóram comhairliúcháin lenar féidir le daoine óga topaicí a aithint agus tionscadail ghnímh a chruthú chun aghaidh a thabhairt ar na topaicí sin agus chun eolas a dhéanamh do phríomhchinnteoirí. Le dhá bhliain anuas, thug na Comhairleoirí Óige aghaidh ar cheisteanna ríthábhachtacha ar nós vápáil, meabhairshláinte, na meáin shóisialta agus íomhá coirp, ag cinntiú go raibh guthanna agus tuairimí daoine óga ar fud Dhún na nGall le cloisteáil agus go raibh meas orthu.

## Lá Náisiúnta Súgartha 2024



I gcomhpháirtíocht le Líonra Ionad Acmhainní Teaghlaigh Dhún na nGall (LIATD) agus maoinithe fríd an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige chuir muid clár gníomhaíochta ar fáil chun deiseanna súgartha agus caitheamh aimsire a chur chun cinn do leanaí agus do dhaoine óga níos luaithe i mbliana. D'úsáid an LIATD an maoiniú don Lá Náisiúnta Súgartha chun pacáistí/trealamh súgartha a chur ar fáil agus imeachtaí pobail atá oiriúnach do shúgradh a óstáil i dtimpeallacht uilechuimsitheach agus a chruthaigh mothú muintearais agus folláine ghinearálta i bpobail áitiúla ar fud Dhún na nGall.

# Scéim Bonneagair Áineasa Allamuigh (SBÁA)

Déanann ciste SBÁA foráil d'fhorbairt bonneagair áineasa úir amuigh faoin aer agus do thacaíocht do dheisiú, do chothabháil, d'fheabhsú nó do chur chun cinn riachtanach an bhonneagair áineasa amuigh faoin aer atá ann cheana féin i gceantair thuaithe ar fud na hÉireann. Cuidíonn sé le húsáid a bhaint as acmhainní na tuaithe a chuireann le stíleanna maireachtála gníomhacha sláintiúla agus a thacaíonn le hacmhainneacht eacnamaíoch agus turasóireachta an cheantair.



## Maoiniú na Scéime Bonneagair Áineasa Allamuigh 2024/25 - Beart 1

Tá Comhairle Contae Dhún na nGall ag lorg Léirithe Spéise ó phobail maidir le - Beart 1: Deisiúchán/Forbairt/Cur Chun Cinn agus Margaíocht ar Scála Beag

I measc na dtionscadal a fhaigheann maoiniú ó SBÁA de ghnáth tá siúlbhealaí, rotharbhealaí, gormbhealaí, conairí uisce agus rothaíochta, bealaí rochtana sléibhe, cosain mharcaíochta, agus saoráidí uisce oscailte ag portaigh, aibhneacha, lochanna agus tránna, lena n-áirítear linnte taoide.

LE HEOLAS A FHÁIL MAIDIR LEIS AN DÓIGH LE HIARRATAS A CHUR ISTEACH CLICEÁIL ANSEO

## CONAIR THÚR CHIONN CASLACH

Bronnadh €30,000 de mhaoiniú SBÁA ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail ar Chonair Thúr Chionn Caslach chun eispéireas na gcuairteoirí chuig an cheantar a fheabhsú trí Chonair an Túir a fhorbairt

Le tacaíocht ón phobal áitiúil rinne muid an-chuid oibre mar shampla: láithreáin a ghlanadh, cuaillí marcanna slí a shuiteáil, draenacha, cumascáin a leagan, seanbhallaí cloiche agus postaí geata a athshuíomh agus marcanna slí, suíocháin bhinse agus láithreacha picnicí a shuiteáil mar aon le clár léarscáile ceann conaire ag an ché.



## SIÚLÓID EASTÁIT ROS UÍ LONGÁIN



Bhronn an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail €30,000 de mhaoiniú SBÁA ar fhorbairt Shiúlóid Eastáit Ros Uí Longáin.

I gcomhpháirtíocht le Coillte agus le tacaíocht ó Chairde Ghrúpa Foraoise Ros Uí Longáin agus an phobail áitiúil, a rinne muid a lán oibre mar shampla: láithreáin a ghlanadh, cumascáin a leagan, fálú a chur suas thart ar fhothracha sheanTheach Mc Manus agus ar na tithe amuigh, bealaí draenála a ghlanadh agus draenacha úra a sholáthar agus na nithe seo a leanas a chur ar fáil: droichid coise, marcanna slí, clár léarscáile ceann conaire, suíocháin bhinse agus láthair phicnicí le dealbha de thábla agus de shuíocháin.

# Tionscadal Rochtana Inbhuanaithe & Athchóirithe Gnáthóg na hEargaile



Tá an Earagail 751 méadar ar airde. Is í a binn ghrianchloichíte an ceann is airde de Shléibhte Dhoire Bheatha agus an bhinn is airde i gContae Dhún na nGall. Is sainchomhartha íocónach í an Earagail, a bhfuil an-tionchar aici ar thírdhreach an Iarthuaiscirt, agus a hainm agus a híomhá á n-úsáid go forleathan go háitiúil, go náisiúnta, agus go hidirnáisiúnta, rud a chuireann le tarraingt agus le próifíl an tsléibhe.

Mar gheall ar an mhéadú leanúnach a bhí ag teacht ar líon na gcuairteoirí ar léar mór bealaí rochtana neamhshainithe ar an tsócmhainn nádúrtha leochaileach, seoladh an tionscadal ASCENT in 2016 - tionscadal arna mhaoiniú ag an AE, faoi stiúir Chomhairle Contae Dhún na nGall a bhí ag obair le comhpháirtithe i gcúig thír Eorpacha. Ba é cuspóir an tionscadail ná scileanna gach réigiúin a chur le chéile chun bealaí úra a fhorbairt chun an timpeallacht nádúrtha a chaomhnú i seacht réimse áilleachta nádúrtha i ngach ceann de na tíortha Eorpacha sin ar bhealach atá inbhuanaithe, agus bhí an Earagail mar fhócas do Dhún na nGall.

Fríd an tionscadal ASCENT, cheadaigh Comhairle Contae Dhún na nGall iarratas pleanála don Tionscadal Rochtana Inbhuanaithe agus Athchóirithe Gnáthóg ar an 24 Aibreán 2019, rud a cheadaigh na hoibreacha riachtanacha a bheith déanta ar an bhinn is airde i nDún na nGall. Ina dhiaidh sin fuarthas iarratas ar Bheart 3 de Scéim Bonneagair Áineasa Allamuigh (SBÁA) in 2019 ar mhaoiniú €500,000 leis an tionscadal a chur i gcrích. Agus muid ag obair le hIonadaithe Tofa áitiúla, le Coiste Páirtithe Leasmhara na hEaragaile agus le húinéirí talún áitiúla, cheap muid sainchonraitheoir cosán sléibhe le cosán 3km a uasghrádú a théann ón charrchlós go dtí mullach an tsléibhe le cosaint a thabhairt ó chreimeadh breise agus eispéireas an chuairteora a fheabhsú ag an am chéanna. A bhuí le hinfheistíocht bhreise ó Chomhairle Contae Dhún na nGall tá an obair seo a leanas déanta go dtí seo



- 750m de chosán cloiche
- Conair chumascáin 1,750m le mataí geoiteicstíle & geogrid
- 600m de chosán claonta clúdaithe le clocha
- 30m de chlárchosán
- Socruithe draenála conairí
- Tírdhreachú, bundaí móna, fálú agus athfhásra

Tá an pobal le Comhairle Contae Dhún na nGall agus le tacaíocht ó phríomhpháirtithe leasmhara ag obair le chéile chun máistirphlean a chur le chéile do Dhún Lúiche anois. Cuirfidh an plean sin treochlár ar fáil chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt an tsráidbhaile agus an tírdhreacha níos leithne sna 6 bliana amach romhainn agus ar aghaidh go dtí 2040, ag tógáil ar an obair iontach atá ar siúl cheana féin agus le cur leis an tsráidbhaile agus leis an tírdhreach máguaird ar mhaithe leis an phobal agus líon na gcuairteoirí a thagann chuig an cheantar, líon atá ag méadú an t-am ar fad.



## Páirc Eachtraíochta Uirbeach Leitir Ceanainn Oscailte don Phobal



Bhronn Tionól Réigiúnach an Iarthuaiscirt maoiniú ar Chomhairle Contae Dhún na nGall le Páirc Eachtraíochta Uirbeach Leitir Ceanainn a fhorbairt taobh istigh de thailte Pháirc Bhaile Bernard McGlinchey. Rinneadh an tionscadal, ar chomhoibriú é idir Comhairle Contae Dhún na nGall, Comhpháirtíocht Spóirt Dhún na nGall, Ionad Eachtraíochta Allamuigh Ghartáin agus an iliomad eagraíochtaí óige idir eagraíochtaí reachtúla agus eagraíochtaí pobail i Leitir Ceanainn, ar bhonn céimnithe.

Mar pháirt de Chéim 1 forbraíodh Pumpraon- limistéar rampaí ar a bhfuil dromchla mín le haghaidh rothair, scútair & cláir scátála le húsáid ó cheann ceann na bliana saor in aisce chun scileanna a chleachtadh agus a fhorbairt. I gCéim 2 bhí limistéar taibhithe amuigh faoin aer, ina raibh limistéar ar stíl amfaitéatair, do ghrúpaí (damhsa, ceol, taibhiú, ealaíon srl.) le bheith ar stáitse le suíocháin timpeall don lucht féachana atá suite i gcoinne radhairc pháirc bhaile Bernard McGlinchey agus bhí an-tóir orthu ag na himeachtaí a reáchtáladh mar pháirt d'Oíche Chultúir le gairid. Agus ar deireadh, bhí Céim 3 comhdhéanta de chonair níos fearr a chruthú fríd an pháirc agus limistéar cluichí lasmuigh le tábla cluichí ilúsáide agus limistéar tábla “Teqball ”, do leanaí agus do dhaoine fásta chun bualadh le chéile agus gníomhaíochtaí éagsúla a imirt.

## AN CLÁR 'TAISPEÁIN AN CÁRTA DEARG DON CHINÍOCHAS'




Sheol Comhairle Contae Dhún na nGall i gcomhar le Clairsí na Finne an Clár ‘Taispeáin an Cárta Dearg don Chiníochas’ le daltaí agus le baill foirne ó Choláiste na Carraige ar an 23 Deireadh Fómhair.

Tá sé mar aidhm ag an Chlár ‘Taispeáin an Cárta Dearg don Chiníochas’ leas a bhaint as ardphróifíl na ndaoine spóirt chun dul i ngleic le ciníochas agus cuireann sé acmhainní oideachais, ceardlanna, oiliúint agus gníomhaíochtaí múscailte feasachta ar fáil do bhunscoileanna agus do mheánscoileanna, do ghrúpaí óige, d'ionaid oibre agus do pháirtithe leasmhara spóirt ar fud na tíre.
Léigh níos mó anseo!



## Mela Indiach Dhún na nGall 2024

Rinne Comhairle Contae Dhún na nGall i gcomhar le hIonad Pobail Indiach Leitir Ceanainn ceiliúradh agus léiriú ar chultúr bríomhar na hIndia laistigh de phobal Dhún na nGall ag Mela Dhún na nGall ar an 17 Lúnasa 2024. Mar pháirt den ócáid idirchultúrtha sin bhí meascán uathúil de cheardlanna, gníomhaíochtaí, ceol, léirithe beo, agus stallaí do dhaoine de gach aois le taitneamh agus léiriú a bhaint as spiorad na héagsúlachta, an chuimsithe agus an spioraid phobail.

Tacaíonn Mela Dhún na nGall lenár dtiomantas do phobail chuimsitheacha agus tógann sé ar na croíluachanna agus ar an fhís atá leagtha amach in Cuimsiú na nDaoine Gorma agus na Mionlach Eitneach: Straitéis le haghaidh Chontae Dhún na nGall 2021 -2026. Léigh níos mó anseo!

## Mórtas Áite 2024



D'fháiltigh Comhairle Contae Dhún na nGall roimh phainéal moltóireachta an chomórtais chlúitigh ‘Mórtas Áite’ le déanaí. Deis a bhí ann le héachtaí na ngrúpaí pobail áitiúla a chur os comhair an phobail.

Is comórtas iomráiteach é ‘Mórtas Áite’ ina n-ainmníonn údaráis áitiúla ó gach cearn d'oileán na hÉireann grúpaí a bhfuil tionchar suntasach acu ar a bpobail a fheabhsú trí chomhiarracht.

Ghlac na grúpaí seo a leanas páirt sa chomhórtas ar son Dhún na nGall: Cairde le Cheile i Leitir Ceanainn sa Chatagóir ‘Pobal Ionchuimsitheach’, Awake Tourism in Ard an Rátha sa Chatagóir ‘Daonra 300 -1000’, agus Coiste Forbartha na Carraige sa chatagóir ‘Tionscnamh Turasóireachta Pobail’. Trí chuir i láthair agus idirghníomhaíochtaí tuisceanacha, léirigh na grúpaí an tionchar as cuimse a bhíonn ag a dtionscnaimh ar a bpobal áitiúil, a dtiomantas diongbháilte dá gceantair agus a gcomhoibriú tairbheach le Comhairle Contae Dhún na nGall. Ag mórshearmanas bronnta duaiseanna in Óstán Hillgrove i Muineachán ar an 2 Samhain, bronnadh an dara háit ar Choiste Forbartha na Carraige sa chatagóir Tionscnamh Turasóireachta Pobail.

# Ciste Aitheantais Pobail

Tá sé mar aidhm ag an Chiste Aitheantais Pobail (CAP) tacú le bonneagar pobail a fhorbairt agus áiseanna don phobal ar fad mar aitheantas ar an rannchuidiú atá á dhéanamh ag pobail ar fud na tíre chun fáilte a chur roimh líon suntasach daoine a thagann isteach ón Úcráin agus ó thíortha eile agus iad a óstáil.

## CLÓS SÚGARTHA BHAILE DHÚN NA NGALL



Críochnaíodh mórthionscadal athchóirithe arbh fhiú €238,000 é i gclós súgartha Bhaile Dhún na nGall. Tá an clós súgartha a fhreastalaíonn ar an phobal áitiúil agus ar chuairteoirí araon, suite i lár an bhaile agus in aice le hIonad Pobail Naomh Eoin Bosco.

Mar pháirt den tionscadal cuireadh na nithe seo a leanas ar fáil: trealamh súgartha úr, troscán sráide, dromchla sábháilteachta agus fálú agus i measc na n-áiseanna atá ar fáil tá: trealamh do thachráin, painéil súgartha céadfacha, conair ghníomhaíochta agus zipline.

## CP RUAIGIRÍ LEITIR CEANAINN C.

Fuair Club Peile Ruaigirí Leitir Ceanainn deontas €80,000 faoi Chiste Aitheantais Pobail 2023 i dtreo na gcostas a bhaineann le tuilsoilse a shuiteáil. Tá na soilse suiteáilte ar an pháirc féir úr-athfhorbartha agus bhí an tAire Forbartha Tuaithe agus Pobail, Heather Humphreys, i láthair ag an searmanas oifigiúil.

Tá cuimsitheacht ag croílár Ruaigirí Leitir Ceanainn, agus tá os cionn 140 rannpháirtí 'Sóisearach' idir 4 -8 mbliana d'aois lena n-áirítear páistí ón Úcráin, ón India agus ón Pholainn agus pobail úra eile agus 'Peil do Chách' le Comhpháirtíocht Spóirt Dhún na nGall agus an FAI dírithe ar pháistí faoi mhíchumas.




## LEABHARLANN BHUN DOBHRÁIN



D'fhorbair Seirbhís Leabharlainne Dhún na nGall gairdín céadfach lán-inrochtana lasmuigh, ar féidir é a úsáid le haghaidh imeachtaí ar nós scéalaíocht, clubanna leabhar agus cainteanna bithéagsúlachta, le deontas €30,000 ón Chiste Aitheantais Pobail.

Áiríodh leis an tionscadal rampa a thógáil agus soithí plandaí, doras inrochtana a shuiteáil agus plandú. Is buntáiste ar leith é an spás anois do ghrúpaí ASD agus do dhaoine atá ag fulaingt ó Néaltrú agus chomh maith leis sin, do bhaill an phobail a scíth a ligean, leabhar a léamh nó éisteacht le closleabhar.

# Clár Maoiniúcháin CLÁR

Cuireann CLÁR (Ceantair Laga Árd-Riachtanais) maoiniú ar fáil do thionscadail bhonneagair ar mhionscála i gceantair thuaithe agus oibríonn siad i gcomhar le maoiniú áitiúil ar bhonn tosaíochtaí a aithnítear go háitiúil. Tá an scéim á maoiniú ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus á seachadadh ag údaráis áitiúla i gcomhairle le grúpaí pobail áitiúla.

## LIMISTÉAR ILÚSÁIDE CLUICHÍ (LIC) CLG ARD AN RÁTHA



Fuair CLG Ard an Rátha, le tacaíocht ó Chomhairle Contae Dhún na nGall maoiniú €50,000, faoi Bheart Chlár 1, i dtreo Páirc úr LIC a shuiteáil ina bhfuil fálú mogalra spóirt úr, geata sábháilteachta NK, cuaillí ilúsáide agus comharthaíocht.

Chuir an tionscadal áis phoiblí uile-aimsire agus acmhainn áineasa ar fáil don phobal áitiúil, daoine de gach aois, a chuireann sláinte agus folláine dhearfach chun cinn trí ghníomhaíocht lasmuigh agus a chuidíonn fosta le dul i ngleic le haonrú tuaithe.

# Aoisbhá Dhún na nGall




## CLÁR AOISBHÁ DHÚN NA NGALL - CCB CHOMHAIRLE NA NDAOINE BREACAOSTA

Bhí Cruinniú Cinn Bliana Chomhairle na nDaoine Breacaosta (CDB) ar siúl in Ionad Naomh Padraig, Dobhair i mí Dheireadh Fómhair 2024.

Is struchtúr aitheanta é CDB Dhún na nGall le cumarsáid agus ionadaíocht a dhéanamh ar dhaoine breacaosta ar fud ár gcontae le comhairliúchán trí fhormáidí éagsúla a mhúnlaíonn obair an CDB agus a chuireann eolas ar fáil do sheirbhísí a sholáthraíonn gníomhaireachtaí eile. I measc na ndaoine a bhí i láthair ag an ócáid bhí na haoichainteoirí Mairéad Ní Mhaonaigh, ar dhuine de bhunaitheoirí Altan í, a aithnítear go hidirnáisiúnta as a tallann agus a dúthracht cheoil eisceachtúil chun an Ghaeilge a chur chun cinn trí cheol agus amhrán agus Jim McGuinness, 'fíorlaoch do mhuintir Dhún na nGall', léiríonn a thuras ó pheileadóir áitiúil go cóitseálaí clúiteach, sa pheil Ghaelach agus sa sacar, marthanacht, nuálaíocht agus ceannaireacht. Bhí peirspictíocht ar leisth le fáil óna bplé idirghníomhach; tugadh léargais ó shaol an spóirt agus ó shaol an chultúir araon leis an aosú dearfach a spreagadh.

Léigh níos mó anseo!

# Duais-Sparánachtaí Spóirt Chomhairle Contae Dhún na nGall







Bhí Comhairle Contae Dhún na nGall bródúil as ómós a thabhairt do réimse leathan de dhaoine spóirt cumasacha ag ár searmanas dhébhliantúil Gradaim Réaltaí Spóirt a bhí ar siúl i Seomra na Comhairle, Teach an Chontae, Leifear ar an 25 Deireadh Fómhair 2024.

Tá Comhairle Contae Dhún na nGall ag reáchtáil na nDuais-Sparánachtaí Spóirt le breis agus fiche bliain agus é mar aidhm acu lúthchleasaithe a chur chun cinn agus aitheantas a thabhairt dóibh ar fud an Chontae as an mhéid a chuireann siad leis an spórt. Tá sé oscailte do gach spórt atá aitheanta ag Spórt Éireann agus atá á mhaoirsiú ag comhlacht rialaithe náisiúnta agus bronntar é faoi thrí chatagóir Oilimpeach Sinsearach/Den Chéad Scoth/Idirnáisiúnta, Céim Forbartha agus Seanfhondúir; bronnadh sparánachtaí ar dhaoine ó réimse leathan spóirt ó lúthchleasaíocht go surfáil, ó bhadmantan go caitheamh meáchain; agus ó dhornálaíocht go rothaíocht.

Agus na gradaim á mbronnadh aici, d'aithin an Comhairleoir Niamh Kennedy, Cathaoirleach Chomhairle Contae Dhún na nGall "Ní hamháin an méid a dhéanann scoth na luthchleasaithe dár gContae, ach an méid tábhachtach is féidir le spórt ag leibhéal ar bith a dhéanamh do dhaoine aonair agus do phobail. Chomh maith leis sin, na cóitseálaithe, na teaghlaigh, agus na cairde a sheas lenár lúthchleasaithe, tá bhur dtacaíocht dhaingean thar a bheith luachmhar – na líonraí tacaíochta a chuireann sibh ar fáil, cuidíonn siad leo a bheith rathúil, agus tá bhur ndúthracht dhionbháilte mar bhunchloch ar a bhfuil ár bpobal tógtha."

Thréaslaigh Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Dhún na nGall John G McLaughlin leis na dámhachtaithe agus labhair sé faoin "tábhacht a bhaineann le Spórt maidir le cuimsiú sóisialta, saoránacht ghníomhach agus bród inár bpobail a chur chun cinn beag beann ar aois, ar inscne ná ar chumas" agus thréaslaigh sé "leis na dámhachtaithe go léir agus spreag sé gach duine chun leanúint ar aghaidh ag cur spiorad an spóirt agus spiorad pobail chun cinn."

Fuair 60 iarratasóir duais-Sparánacht Spóirt de chuid Chomhairle Contae Dhún na nGall.